C/2025/2736

12.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2736)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Prosciutto di Carpegna'

PDO-IT-1496-AM01 — 17.2.2025

1. **Ainm an táirge**

'Prosciutto di Carpegna'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniuchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Maidir leis na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh an ATFC 'Prosciutto di Carpegna':

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), i dtaca le tásca geografacha faoi chosaint; nó

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 3.3 agus 3.4 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear nach mór na muca a ghearradh freisin i réigiúin na Lombairde, Emilia-Romagna agus Marche.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach mír shonrach maidir le 'Saintréithe géiniteacha'. Soiléiríodh tionscnamh géiniteach an amhábhair i ndáil le cineál géiniteach na n-ainmhithe pórúcháin, idir fhireann agus bhaineann, trí na teaglamaí géiniteacha ceadaithe a áireamh. Fágann an leasú gur féidir meastóireacht a dhéanamh ar phórtha agus ar chineálacha géiniteacha an dá ainmhí pórúcháin. Dá bhrí sin, cuireadh tagairt nua in ionad na tagartha sa téacs, a mhéid a bhaineann le pórtha, do ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc ag a bhfuil na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar chosa a úsáid ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha (siondróm struis na muc).

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir leis na forálacha a bhaineann le 'Tógáil agus beathú'. Dá bhrí sin, cuireadh tagairt nua in ionad na tagartha sa téacs do shonraíochtaí táirge le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele.

Cuireadh isteach na céimeanna cróineolaíocha traidisiúnta a bhaineann le tógáil muc: diúil, baint den dhiúl, fás agus méathú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach na forálacha maidir le céim dhiúil na mbanbh, a bhfuil a fhad, suas le 28 lá, i gcomhréir le forálacha Roinn C de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/120/CE ón gComhairle. Cuireadh isteach tagairtí freisin do bhainbh atá ar chíoch na cránach nó atá á mbeathú le bainne go saorga, do thabhairt amhábhar ceadaithe agus d'úsáid mianraí, forlíontaí vitimíní agus aimíonaigéad, agus breiseán.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, leagtar síos na modhanna agus an t-uainiú chun an cneasmharc tionscnaimh dúigh a chur ar dhá chos gach muice agus an cneasmharc gaolmhar agus samhlacha an phláta lena chur.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

9. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla tagartha ina dtaispeántar an litir ba cheart a úsáid chun mí bhreithe an bhainbh a léiriú, atá le háireamh sa chneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

10. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh arna chur ag an bhfeirmeoir nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

11. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach riail maidir le haois na muc a chinneadh i míonna.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

12. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú cuirtear isteach forálacha maidir le céim an scoite na muc. Tugadh isteach rialacha lena rialaítear fad na céime sin, meáchan uasta na mbanbh agus beathú. Tugadh isteach tagairt do 'beatha thirim' a thabhairt, d'úsáid forlíonta vitimín, mianraí agus aimíonaigéid, agus do bhreiseáin a úsáid. Méadaíodh an tréimhse bainte scoite ó 80 lá go 3 mhí agus socraíodh an uasteorainn meáchain do na bainbh ag 40 kg.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

13. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir leis an gcéim fáis, lena socraítear uastréimhse 5 mhí agus lena méadaítear an meáchan is féidir a bhaint amach ó 80 kg go 85 kg ag deireadh na céime.

Sonraíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %. Cuireadh isteach go sainráite an fhéidearthacht don fheirmeoir an bheatha a thabhairt i bhfoirm thirim freisin.

Cuireadh isteach 'Tábla na n-amhábhar a cheadaítear' agus tá sé le húsáid freisin don chéad chéim eile, i.e. méathú. Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar *'mais'* ach ina ionad sin mar *'granturco'*;

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'min mheidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar *'expeller di lino'* ach ina ionad sin mar *'panello di lino'*, agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach leis: 'beatha asbhrúcháin rois', 'min rois', 'beatha mine rois';

— tagraítear do 'prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha' anois mar 'laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin';

— tagraítear do 'giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula' anois mar 'giostaí';

— tagraítear do 'min úsctha ginidín arbhair Indiaigh' (agus an focal *'mais'* á úsáid san Iodáilis) anois mar 'min ginidín arbhair Indiaigh' (agus an focal *'granturco'* á úsáid san Iodáilis);

— tagraítear do 'triosc driogaireachta' anois mar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha'.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— ‘carúib as a bhfuil na clocha bainte’

— ‘líseáití próitéine’

— ‘prátaí díhiodráitithe’

— ‘casabhach’

— ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’

— ‘min seasamain’

— ‘min úsctha cnó cócó’

— ‘min feola i gcás dea-cháilíochta amháin agus i gcás ina gceadaítear í faoi dhlí an Chomhphobail’

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim), gan dochar don fhíoras nár cheart ‘meadhg’ agus ‘bláthach’ le chéile a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh an chinn in aghaidh an lae;

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgam’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %);

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta léagúim eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta léagúim eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘gráin arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Tugtar ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’ ar ‘min úsctha soighe’ anois, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon a chaighdeánú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar ‘thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn saille 5 % d’ábhar tirim na haiste bia.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

14. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an ceanglas go dtagann 50 % ar a laghad d’ábhar tirim na beatha muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar na muca.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

15. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais do ‘Tábla na n-amhábhar ceadaithe’ a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

16. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an roinn ‘Marú agus gearradh na muc’ agus athraítear foclaíocht na forála maidir le haois íosta na muice tráth a maraithe, gan í a leasú, í a nascadh leis an tseiceáil trí bhíthin an chneasmhairc tionscnaimh agus/nó an ghairis aitheantais a chuirtear ina ionad nó in éineacht leis, ar a dtugtar tuairisc sa chuid a bhaineann le beathú agus tógáil muc.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

17. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

18. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an paraiméadar maidir le meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 168,0 kg in ionad an pharaiméadair maidir le beomheáchan muc 160 kg+/- 10 %.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

19. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear leis an leasú, sa téacs, na haicmí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bhféadfadh conablaigh incháilithe H Trom a bheith ag baint leo, i gcomhréir leis an méid a leagtar síos sa doiciméad aonair agus leis na sonraíochtaí táirge dá dtagraíonn an tsonraíocht táirge. Cuireadh tagairt eile in ionad na tagartha do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

20. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear nach mór sonraí maidir le haicmiú meáchain agus conablaigh a fhionnadh tráth an mharaithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

21. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear go bhféadfar oibríochtaí gearrtha a dhéanamh freisin in ionaid spólta seachas an seamlas inar maraíodh na hainmhithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

22. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú forálacha sonracha maidir le léiriú grafach agus toisí an stampa aitheantais agus maidir leis an tslí ina bhfuil sé le cur ag an seamlas ar chosa oiriúnacha.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

23. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad stampa aitheantais an tseamlais nó in éineacht leis an stampa sin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

24. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Scriostar an cúigiú mír d'Airteagal 2 leis an leasú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

25. *Leasú ar Airteagal 4*

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an dara agus an tríú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 3.3 agus 5.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear nach mór tús a chur le próiseáil na gcos a fhaightear ón seamlas nó ón ionad spólta ag an tsaoráid leasaithe laistigh de 120 uair an chloig tar éis an mharaithe, gan na coinníollacha teochta a leagtar síos sa tsonraíocht táirge a leasú.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

26. *Leasú ar Airteagal 4*

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an séú mír, den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cóiriú freisin tar éis an dara sailleadh agus roimh dheireadh na céime aibithe.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

27. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú ar an gcuid maidir le teochtaí i seomraí aosaithe, méadaítear an teocht uasta ó 20 °C go 22 °C.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

28. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú ar an gcuid maidir le leibhéil bogthaise coibhneasta i seomraí aosaithe, athraítear an bhogthaise choibhneasta ó '65-80 %' go '40-70 %'.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

29. *Leasú ar Airteagal 5*

Leasú 29

Baineann an leasú le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus le pointí 3.2 agus 5.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an tréimhse íosta aibithe le haghaidh Prosciutto di Carpegna ó '13 mhí' go '14 mhí'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

30. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 30

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Scriostar Airteagal 7 leis an leasú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

31. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 31

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Athuimhrítear leis an leasú Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

32. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 32

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 3.2 agus 3.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an tréimhse íosta aibithe le haghaidh liamhása a bhfuil sé beartaithe iad a fholúsphacáil nó a phacáistiú in atmaisféar modhnaithe, lena n-áirítear iad a bheith slisnithe, ó '14 mhí ar a laghad' go '15 mhí ar a laghad'.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

33. *Airteagal 8 nua*

Leasú 33

Leis an leasú, cuirtear Airteagal 8 nua isteach sa tsonraíocht táirge agus atáirgtear pointe 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach airteagal sonrach – Airteagal 8 'Nasc leis an gcomhshaol' – atá i gcomhréir leis an bhfaisnéis a tugadh cheana sa doiciméad aonair a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* 2009/C 189 an 12.8.2009.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

34. *Airteagal 9 nua*

Leasú 34

Leis an leasú, cuirtear isteach Airteagal 9 nua sa tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Tugtar isteach leis an leasú Airteagal 9 'Cruthúnas tionscnaimh', ina sonraítear an gá atá le faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgeachta an ATFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

'Prosciutto di Carpegna'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 02 — FEOIL AGUS SCAIRTEACH FEOLA INITE

0210 — Feoil agus scairteach feola inite, saillte, faoi sháile, triomaithe nó deataithe; plúir agus min inite ó fheoil nó ó scairteach feola:

0210 11 — Liamhása, guaillí agus gearrthacha díobh, ar an gcnámh:

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is liamhás amh aibithe é 'Prosciutto di Carpegna', a tháirgtear trí chosa deiridh muc trom a phróiseáil ar feadh tréimhse nach lú ná 14 mhí laistigh den limistéar geografach.

Ag deireadh na próiseála, bíonn cruth cruinn ar 'Prosciutto di Carpegna', agus bíonn sé cothrom seachas sféarúil de ghnáth, a bhfuil ciseal leordhóthanach saille ar an gcuid atá os comhair na ceathrún agus nach lú a mheáchan ná 8 kg.

Nuair a ghearrtar é, dath bándearg an bhradáin agus cainníocht leordhóthanach de shaill sholadach, ar a bhfuil dath bán agus dath bándearg a fheictear. Bíonn dea-bholadh fíneálta treáite d'fheoil aibithe air, bíonn an blas éadrom agus cumhra, bíonn raimhre na feola bog agus solúbtha.

Is iad seo a leanas na saintréithe ceimiceacha agus fisiciceimiceacha: céatadán an chion uisce idir 57 % agus 63 %; cóimheas salainn/uisce (cóimheas an chéatadáin salainn leis an gcion uisce) idir 7,8 agus 11,2; cóimheas uisce/próitéine (cóimheas an chéatadáin uisce le cion iomlán na próitéine) idir 1,9 agus 2,5 agus innéacs próitéilísis (céatadán an chodáin nítrigine intuaslagtha atá intuaslagtha in aigéad tríchlóraicéiteach (TCA) faoi threoir an chion iomláin nítrigine) nach lú ná 24 agus nach mó ná 31.

Is féidir 'Prosciutto di Carpegna' a chur ar an margadh ina iomláine, díchnámhaithe – *pressato* (brúite) nó *all'addobbo* (cóirithe) tar éis an bratú a cuireadh air le linn an aibithe agus an tsraith saille seachtraí iomarcach a bhaint go hiomlán – agus a roinnt tar éis slisneadh agus pacáistiú faoi fholús nó in atmaisféar modhnaithe. Chun 'Prosciutto di Carpegna' a shliseadh agus a phacáistiú, ní mór liamhás a aibítear ar feadh **15 mhí** ar a laghad a úsáid.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Tagann an bheatha le haghaidh na muc ón limistéar geografach ina dtógtar iad. I mblianta áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid nó ar chúiseanna tráchtála, 100 % den bheatha a fháil le haghaidh na muc go háitiúil. Sna cásanna sin, chun an nasc leis an gcríoch a ráthú, ní mór a áirithiú go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na beatha do na muca, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar iad.

Sa tsonraíocht le haghaidh an chineáil ghéinitigh a úsáidtear agus úsáid deiridh an amhábhair a fhaightear ó chonablaigh muc trom is gá chun 'Prosciutto di Carpegna' a tháirgeadh, áirítear modhanna tógála agus beathaithe ainmhithe a eascraíonn as traidisiún ársa na hIodáile, lenar forbraíodh cleachtais chun fás measartha a bhaint amach thar thréimhse fhada ama chomh maith le haonadmheáchán ard, a fhaightear trí chuspóirí roghnúcháin géiniteacha, aois íosta agus meánmheáchan na muc tráth a maraithe a chomhordú le córas beathaithe iomchuí.

Sa chomhthéacs sin, de réir théarmaí na sonraíochta táirge, déantar idirdhealú idir na beathaí a cheadaítear, na cainníochtaí díobh agus na modhanna chun iad a thabhairt de réir chéim an tógála, ag brath ar aois agus ar mheáchan na n-ainmhithe.

Le linn na céime scoite, is éard atá san aiste bia na hamhábhair a cheadaítear le reachtaíocht an Aontais maidir le beostoc a bheathú. Féadfar aiste bia na muc a fhorlíonadh le vitimíní, mianraí agus aimínaigéid, agus féadfar breiseáin a úsáid i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Ceadaítear na hamhábhair seo a leanas le linn na céime fáis: min glútain arbhair agus/nó beatha glútain arbhair, arbhar Indiach, sorgam, eorna, cruithneacht, triteacál, sadhlas grán buí, min arbhair Indiaigh lándéise, min ghráin bhuí, agus/nó min déise arbhair, mionghránaigh, bran cruithneachta agus seachtháirgí eile ó phróiseáil cruithneachta, beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois, laíon biatais díhiodráitithe, laíon torthaí nó laíon tráta (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin, meadhg, bláthach, triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha, meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard), molás, táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh, táirgí a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh, min ginidín arbhair Indiaigh, piseanna, síolta léagúim eile, giostaí, lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu, min éisc, agus pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe.

Ní mór na sonraíochtaí seo a leanas a chur san áireamh freisin i mbeatha le linn na céime fáis: féadfar an aiste bia a fhorlíonadh le vitimíní agus mianraí, agus féadfar breiseáin a úsáid, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm; níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 45 % den iomlán.

Le linn na céime méathaithe, ní mór na sonraíochtaí uile a leagtar síos le haghaidh na céime fáis a chomhlíonadh, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas: níor cheart an t-ábhar tirim ó ghránaigh a bheith níos lú ná 55 % den iomlán: níl na hamhábhair 'pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe' agus 'min éisc' san áireamh.

Féadfar an bheatha gránachbhunaithe a thabhairt i bhfoirm leachtach (grúdarlach nó maistreán, measctha go traidisiúnta le meadhg agus/nó bláthach), nó i bhfoirm thirim. Chun brat saille ar ardchaighdeán a áirithiú, féadfaidh uasmhéid 2 % d'aigéad líonoiléach agus 5 % de shaill a bheith in ábhar tirim na beatha a thugtar. Níor cheart meadhg agus bláthach, ar seachtháirgí iad faoi seach a bhaineann le próiseáil grutha agus ime, a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh an ainmhí in aghaidh an lae. Ní mór an cion iomlán nitrigine, má chumasctar le hiarmhar moláis é, a bheith níos lú ná 2 %. Tá bearta chun an tsonraíocht táirge a chur chun feidhme leagtha síos leis an gcóras rialaithe oifigiúil.

Táirgtear ‘Prosciutto di Carpegna’ go heisiach trí úsáid a bhaint as cosa deiridh úra a fhaightear ó mhuca a rugadh, a tógadh, a maraíodh agus a gearradh laistigh de chríoch réigiúin na Lombairde, Emilia-Romagna agus Marche arb iad sliocht na n-ainmhithe seo a leanas iad:

(a) collaigh de na pórtha traidisiúnta, is iad sin an Mhórmhuc Bhán Iodálach, an Mhuc Lanrásach Iodálach agus an Mhuc Duroc Iodálach, arna bhfeabhsú ag Leabhar Tréada na hIodáile, bídís ina muca folaíochta nó crosphóraithe idir na pórtha sin, agus cránacha de na pórtha traidisiúnta an Mhórmhuc Bhán Iodálach agus an Mhuc Lanrásach Iodálach,

(b) collaigh de na pórtha traidisiúnta a luaitear in (a) agus cránacha crosphóraithe nó cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, agus aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(c) collaigh agus cránacha de chineálacha géiniteacha eile ar choinníoll go bpóraítear iad faoi scéimeanna roghnaithe agus/nó crosphóraithe ina bhfuil na pórtha an Mhórmhuc Bhán, an Mhuc Lanrásach nó an Mhuc Duroc chun muca troma a tháirgeadh, a bhfuil aidhmeanna na scéimeanna sin comhoiriúnach le haidhmeanna Leabhar Tréada na hIodáile;

(d) collaigh de na cineálacha géiniteacha eile a luaitear in (c), agus cránacha de na pórtha traidisiúnta dá dtagraítear in (a).

Na cosa deiridh úra muiceola a úsáidtear chun an táirge a dhéanamh, ní fhéadfaidh siad teacht ó na hainmhithe seo a leanas:

— collaigh agus cránacha;

— muca a bhfuil saintréithe neamhfhabhracha iontu, go háirithe soghabháltacht i leith struis (Siondróm Struis na Muc nó PSS).

Tá saintréithe na muc trom arna roghnú ag Leabhar Tréada na hIodáile ag teacht le téarmaí reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm maidir le conablaigh muc a ghrádú ar bhonn tráchtála; faoi na critéir aicmithe sin, áfach, ní cheadaítear ach cosa deiridh a fhaightear ó chonablaigh ‘U’, ‘R’ agus ‘O’.

Seoltar na muca fásta a fhéadfar a úsáid chun an t-amhábhar a ullmhú le haghaidh ‘Prosciutto di Carpegna’ lena marú ag aois nach lú ná 10 mí. Féadfar úsáid a bhaint as conablaigh a bhfuil meáchan idir 110,1 kg ar a laghad iontu agus 168,0 kg ar a mhéad ag a bhfuil cruthúnas leordhóthanach ar a dtionscnamh agus ar a bhfoinse; leis sin, is féidir cosa deiridh cóirithe (gearradh gearr) ina bhfuil aonadmheáchan nach lú ná 12 kg agus ag a bhfuil brat saille leordhóthanach a fháil agus a úsáid.

Ní fhéadfar cosa deiridh ó mhuca a mharaítear níos mó ná 120 uair an chloig roimhe sin a phróiseáil.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór próiseáil agus aibiú ATFC ‘Prosciutto di Carpegna’ a dhéanamh laistigh de cheantar áirimh agus de chríoch riaracháin bhardas Carpegna (Cúige Pesaro-Urbino, Réigiún Marche).

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar ‘Prosciutto di Carpegna’ a chur ar an margadh agus marc á bhrandáil te air ar a bhfuil na focail ‘Prosciutto di Carpegna’.

Ní mór na focail ‘Prosciutto di Carpegna’ a bheith i gcarachtair shoiléire dhoscriosta, iad sách éagsúil le gach tásc eile atá ar an lipéad, agus na focail ‘Denominazione di Origine Protetta’ (Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint) a chur go díreach ina ndiaidh. Tá na tásca sin ag gabháil le lógó an ainmniúcháin.

Ní fhéadfar aon tuairisc nach gceadaítear go sainráite a chur isteach.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ní mór 'Prosciutto di Carpegna' a phróiseáil sa limistéar táirgeachta traidisiúnta, laistigh de cheantar áirimh agus de chríoch riaracháin bhardas Carpegna, i gCúige Pesaro-Urbino, Réigiún Marche, agus úsáid á baint as amhábhair a fhaightear ó mhuca a rugadh, a tógadh, a maraíodh agus a gearradh laistigh de chríoch réigiúin Marche, Emilia-Romagna agus na Lombairde. Tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 46(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá limistéar táirgeachta 'Prosciutto di Carpegna' suite i réigiún Marche, i gcúige Pesaro-Urbino, i mbardas Carpegna, ag a bhfuil na comhordanáidí cartagrafacha agus na saintréithe geografacha seo a leanas:

— comhordanáidí; 43°47' T 12 20' O,

— achar: 28.3 km^2,

— airde (os cionn leibhéal na farraige): 748 méadar,

— airde uasta: 1 415 mhéadar,

— raon airde: 1 015 mhéadar,

— líon na n-áitritheoirí (amhail an 21.12.2007): 1 657.

Suite ar an imeall is faide ó thuaidh i lár na hIodáile, tá críoch Carpegna suite laistigh de pháirc nádúrtha Sasso Simone e Simoncello, ar an taobh theas den sliabh thart ar 50 km ó Mhuir Aidriad, gar do Shan Mairíne. I measc na bhfeánna glasa is saintréith don fhlóra áitiúil, tugann a suíomh i ndáil le bunchnoic na hAipiníní cosaint ar na gaotha fuara tramontana agus bóra, rud a chinneann saintréithe leanúnacha na miocraeráide áitiúla arb iad is saintréithe di gaireacht choibhneasta na farraige, an airde, gaotha measartha, an easpa uiscí seasta i limistéir gheomoirfeolaíocha atá draenáilte go nádúrtha agus, dá bhrí sin, i dtimpeallacht atá thar a bheith cothrom agus ina bhfuil dálaí samhraidh séimhe tirime, bunaíodh an chríoch, i bhfad ó shin, mar ionad saoire sláinte príomhúil.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

I dteannta na gceanglas comhréireachta maidir leis an amhábhar agus maidir le próiseáil agus grádú deiridh an táirge aibithe, ba cheart na saintréithe seo a leanas a bhaineann go sonrach leis an táirge a lua:

— ciallaíonn úsáid cosa deiridh ó mhuca nach bhfuil níos óige ná 10 mí d'aois go n-úsáidtear feoil aibí atá níos iomchuí le haghaidh aibiú fada,

— úsáid teicnící láimhe chun an liamhás atá réidh le haghaidh chéim an aibithe a thuargaint, a chóiriú agus brat a chur air,

— an toirmeasc ar bhreiseáin cheimiceacha d'aon chineál a úsáid ag aon chéim den ullmhóid (seachas clóiríd sóidiam a úsáid lena sailleadh ag tús an phróisis),

— úsáid salann tirim meilte (clóiríd sóidiam) amháin chun na cosa deiridh úra a shailleadh,

— úsáid cosa deiridh úra, atá fuaraithe ach nach bhfuil reoite, arna méidniú go hiomchuí d'aois íosta na muice,

— an fíoras go dtosaíonn próiseáil na gcos deiridh ag an tsaoráid leasaithe tráth nach déanaí ná 120 uair an chloig tar éis a maraithe;

— fad an phróisis iomláin, lena n-éilítear nach mbeidh an t-aibiú críochnaithe go dtí go mbeidh 14 mhí caite ó cuireadh tús leis an bpróiseáil,

— cion salainn teoranta an liamháis, mar a dheimhnítear sna tuarascálacha seiceála is gá le haghaidh paraiméadair cheimiceacha atá le tástáil ag deireadh an phróisis aibithe, lena ndealaítear an liamhás mar tháirge bunaidh agus sonrach atá éagsúil ó tháirgí comhchosúla eile a dhéantar i lár na hIodáile.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge*

Soláthraíonn saintréithe geografacha agus timpeallachta cheantar Carpegna, atá i gcroílár limistéar Montefeltro agus a pháirce nádúrtha, meascán neamhchosúil de thosca miocraeráide atá fabhrach d'aibiú feola, mar atá aitheanta agus in úsáid ag daoine ó thús ama. Déantar an bhaint atá idir an limistéar áitiúil agus próiseáil muiceola a dhoiciméadú chomh fada siar le hAthbheochan na hIodáile, nuair a luadh go sainráite, tar éis do Malatesta Novello, Tiarna Cesena, réileáin salainn Cervia a dhíol le Poblacht na Veinéise (1468), gur choinnigh contae Carpegna an ceart chun úsáid shaor a bhaint as an salann. Tá Carpegna faoi réir gaotha éadroma ach leanúnacha mar thoradh ar an leoithne ó Mhuir Aidriad – é blocáilte ag airde, ach mar gheall ar an gcosaint arb iad bunchnoic tosaigh na nAipiníní a chruthaigh – bunchnoic ina bhfuil úscraí mhicreaflóra sléibhe sonrach Meánmhara an limistéir, ar measc áin iad den fheá, den chrann sleamhain agus den chuileann le lile, anamóine agus roinnt mhaith speiceas magairlíní atá gcaomhnú agus a gcoinneáil ar bun ag an bpáirc nádúrtha ar feadh na gcéadta blianta.

Bhí tionchar ag na tosca sin freisin ar rialú gníomhaíochta einsímí san fhíochán feola, a théann ar aghaidh ar bhealach cuí d'ainneoin cion íseal salainn a bheith ann, trí aibiú a bhfuil nochtadh fada do dhálaí nádúrtha an tsuímh fabhrach leis (*stagionatura*), rud a bhfuil tionchar díreach aige ar raimhre agus ar airíonna orgánaileipteacha an liamháis.

Leis an ngá atá le hamhábhar iomchuí a bhféadfaí aibiú nádúrtha fada a dhéanamh air gan úsáid iomarcach a bhaint as salann ná substaintí blaistithe, buanaíodh, le himeacht ama, traidisiún thógáil muc throm na hIodáile, a scaip amach de réir a chéile ón bpríomhlimistéar bunaidh forbartha i Lár na hIodáile chomh fada le machairí Ghleann Po le linn na gcéadta de ghluaiseachtaí ainmhithe, ar cuireadh stop leo le blianta beaga anuas, tar éis na mór-eipidéimí crúb agus béil.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F2%252F0%252FD.5055cd245461de8c8e5a/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download